



Uimhir 12 de 1991

An tAcht um Malartú Oideachasúil (Éire agus Stáit Aontaithe Mheiriceá), 1991
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 12 de 1991

**AN tACHT UM MALARTÚ OIDEACHASÚIL
(ÉIRE AGUS STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ),
1991**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Mínithe.
2. Coimisiún na hÉireann-na Stát Aontaithe um Malartú Oideachasúil.
3. Comhaltaí an Choimisiúin.
4. Cathaoirleach agus Oifigigh eile an Choimisiúin.
5. Ciste Oideachasúil na hÉireann-na Stát Aontaithe.
6. Foirceannadh an Chiste Scoláireachtaí Cómhailte agus díscailleadh an Bhoird.
7. Cumhachtaí an Choimisiúin.
8. Oibleagáidí, geallúintí agus caiteachas.
9. Séala an Choimisiúin.
10. Cruinnithe agus nós imeachta an Choimisiúin.
11. Oifigí an Choimisiúin.
12. Bronntaí ar an gCoimisiún.
13. Foireann agus caiteachais an Choimisiúin.
14. Caiteachais chomhaltaí an Choimisiúin.
15. Tuarascáil bhliantúil agus cuntais iniúchta an Choimisiúin.
16. Díolúine ó mhuirir ar allmhairí.
17. Foirceannadh an Chomhaontaithe.
18. Caiteachais.
19. Gearrtheideal.

[Uimh. 12.] *An tAcht um Malartú Oideachasúil (Éire agus Stáit Aontaithe Mheiriceá), 1991.*

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht Cánach Ioncaim, 1967	1967, Uimh. 6
An tAcht um Scoláireachtaí a Mhalairtiú (Éire agus Stáit Aontaithe Mheiriceá), 1957	1957, Uimh. 24
<i>Trustee Act</i> , 1893	1893, c. 53
An tAcht Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 1958	1958, Uimh. 8



Uimhir 12 de 1991

**AN tACHT UM MALARTÚ OIDEACHASÚIL
(ÉIRE AGUS STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ),
1991**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO THABHAIRT ÉIFEACHTA DO CHOMHAONTÚ LE
hAGHAIDH CLÁIR MAIDIR LE MALARTÚ OIDEACHASÚIL
IDIR RIALTAS NA hÉIREANN AGUS RIALTAS STÁIT AONTAITHE
MHEIRICEÁ AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ
I dTAOBH NITHE EILE A BHAINNEANN LEIS AN MÉID SIN.

[28 Bealtaine, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo—

Mínithe.

ciallaíonn “Acht 1957” an tAcht um Scoláireachtaí a Mhalairtíú (Éire agus Stáit Aontaithe Mheiriceá), 1957;

ciallaíonn “an Comhaontú” “Comhaontú le haghaidh Cláir maidir le Malartú Oideachasúil idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá”, a síníodh i mBaile Átha Cliath ar an 27ú lá de Dheireadh Fómhair, 1988, agus aon mhodhnú nó leasú dá éis sin ar fhorálacha an Chomhaontaithe;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Gnóthaí Eachtracha;

ciallaíonn “an Coimisiún” an comhlacht a bhunaítear le halt 2 den Acht seo;

ciallaíonn “Oifigeach”, i ndáil leis an gCoimisiún, comhalta den Choimisiún arb é atá ann, de réir mar a cheadaíonn an comhthéacs, an Cathaoirleach, an Leasathaoirleach, an Cisteoir nó an Cisteoir Cúnta;

ciallaíonn “ionadaí na Stát Aontaithe” an tAmbasadóir nó an t-oifigeach

Coimisiún na
hÉireann-na Stát
Aontaithe um Malartú
Oideachasúil.

a bheidh, de thuras na huaire, i gceannas Mhisean Taidhleoireachta Stáit Aontaithe Mheiriceá chun na hÉireann.

2.—(1) Beidh comhlacht ann ar a dtabharfar Coimisiún na hÉireann-na Stát Aontaithe um Malartú Oideachasúil chun riarachán malartuithe oideachasúla agus cultúrtha idir Éire agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a éascú.

(2) Beidh an Coimisiún arna bhunú cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú, le comhaontú ionadaí na Stát Aontaithe.

(3) Beidh an Coimisiún ina chomhlacht corpraithe le comharbas suthain agus beidh cumhacht agartha aige, agus beidh sé inagartha, faoina ainm corpraithe, agus beidh cumhacht aige talamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

(4) Gabhfaidh an Coimisiún ionad an Bhoird Scoláireachtaí Cómhailte a bunaíodh le hAcht 1957, ar an gcomhlacht sin a dhíscaoileadh faoi alt 18 den Acht sin.

(5) Beidh an Coimisiún féinrialaitheach ó thaobh bainistíochta agus riaracháin de, faoi réir fhorálacha an Achta seo.

(6) Bunaítear an Coimisiún chun críocha carthanúla amháin de réir bhrí alt 333 den Acht Cánach Ioncaim, 1967.

(7) Maidir leis na cistí a chuirfear ar fáil don Choimisiún, faoin gComhaontú nó ar shlí eile, de bhua an Achta seo, úsáidfí an Coimisiún iad, faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha a leagtar amach san Acht seo—

(a) chun maoiniú a dhéanamh ar staidéar, taighde, teagasc agus gníomhaíochtaí oideachasúla eile de chuid, nó chun sochair, shaoránaigh na hÉireann i Stáit Aontaithe Mheiriceá, nó de chuid, nó chun sochair, shaoránaigh agus náisiúnaigh Stáit Aontaithe Mheiriceá in Éirinn;

(b) chun maoiniú a dhéanamh ar chuairteanna agus malartuithe idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, de pháirt, agus Éire, den pháirt eile, a dhéanfaidh mic léinn, scoláirí taighde agus múinteoirí; agus

- (c) chun maoiniú a dhéanamh ar cibé cláir oideachasúla agus cultúrtha gaolmhara eile agus ar cibé gníomhaíochtaí oideachasúla agus cultúrtha gaolmhara eile dá bhforálfar i mbuiséid a bheidh ceadaithe de réir alt 8 den Acht seo.

3.—(1) Ochtar comhaltaí a bheidh ar an gCoimisiún, lena n-áirítear Cathaoirleach, Leaschathaoirleach, Cisteoir agus Cisteoir Cúnta. Comhaltaí an Choimisiúin.

(2) Saoránaigh d'Éirinn a bheidh i gceathrar de na comhaltaí agus is é an tAire a cheapfaidh iad.

(3) Saoránaigh de Stáit Aontaithe Mheiriceá a bheidh i gceathrar de na comhaltaí (a mbeidh beirt acu ar a laghad ina n-oifigigh de bhunaíocht seirbhíse coigríche Stáit Aontaithe Mheiriceá in Éirinn) agus is é ionadaí na Stát Aontaithe a cheapfaidh iad.

(4) Is é téarma oifige comhalta dhá bhliain ó dháta a cheaptha.

(5) Beidh comhalta, ar a chéad téarma oifige a bheith imithe in éag, inathcheaptha go ceann tréimhse nach faide ná trí théarma eile as a chéile.

(6) Féadfaidh an t-údarás a cheap comhalta den Choimisiún ceapachán an chomhalta sin a fhoirceannadh.

(7) Féadfaidh comhalta éirí as a oifig trí litir a chur leis an bpost cláraithe chuig an gCoimisiún agus beidh éifeacht leis an éirí as tráth thosach an chéad chruinnithe eile den Choimisiún tar éis an litir a fháil mura ndéanfar an t-éirí as a tharraingt siar i scríbhinn roimh an gcrúinniú sin.

(8) Aon fholúntas a bheidh ann de chionn comhalta d'fháil bháis nó d'éirí as, nó de chionn fhoirceannadh a oifige, líonfar é trí dhuine cáilithe a cheapadh de réir fho-alt (2) nó (3), de réir mar a bheidh, chun oifig a shealbhú ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige a réamhtheachtaí.

4.—(1) Is é a bheidh ina chéad Chathaoirleach an duine a bheidh, ar dháta bunaithe an Choimisiúin, i seilbh oifig Chathaoirleach an Bhoird Scoláireachtaí Cómhalairte. Cathaoirleach agus Oifigigh eile an Choimisiúin.

(2) Déanfaidh an Coimisiún, ag a chéad chruinniú, Leaschathaoirleach, Cisteoir agus Cisteoir Cúnta a thoghadh as measc a chomhaltaí.

(3) Is é téarma oifige na nOifigeach dhá bhliain ó thráth a gceaptha nó a dtofa ar choinníoll go bhfanfaidh siad ina gcomhaltaí den Choimisiún ar feadh an achair sin.

(4) Ag an gcéad chruinniú den Choimisiún tar éis dul in éag don téarma oifige dá bhforáiltear le fo-alt (3), toghfaidh an Coimisiún Cathaoirleach agus oifigigh eile an Choimisiúin as measc a chomhaltaí.

(5) An Cathaoirleach den Choimisiún a bheidh ag dul as oifig, gníomhóidh sé mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún go dtí go dtoghfar a chomharba mar Chathaoirleach.

(6) Na hOifigigh eile go léir a bheidh ag dul as oifig, leanfaidh siad de bheith ag gníomhú go dtí go dtoghfar a gcomharbaí faoi fho-alt (4).

(7) Ní bheidh Oifigeach den Choimisiún i seilbh na hoifige céanna ar feadh tréimhse is faide ná ceithre théarma as a chéile.

(8) Aon fholúntas i measc na nOifigeach a éireoidh de chionn Oifigeach d'fháil bháis nó d'éirí as, nó de chionn fhoirceannadh a oifige, nó de chionn fhoirceannadh a chomhaltais den Choimisiún, líonfar é ag an gcéad chruinniú eile den Choimisiún trí chomhalta a thoghadh chun an oifig a shealbhú go dtí an chéad toghchán débhlantúil eile d'Oifigigh.

(9) Beidh toghadh an Chisteora faoi réir cheadú an Aire agus ionadaí na Stát Aontaithe.

Ciste Oideachasúil
na hÉireann-na Stát
Aontaithe.

5.—(1) Cuirfidh an tAire faoi deara ciste, ar a dtabharfar Ciste Oideachasúil na hÉireann-na Stát Aontaithe, a bhunú faoi rialú an Aire.

(2) Déanfaidh an Rialtas an t-airgead a íocfar leis an Rialtas ar dhíscaoileadh an Chiste Scoláireachtaí Cómhalaire faoi alt 18 d'Acht 1957 a íoc isteach i gCiste Oideachasúil na hÉireann-na Stát Aontaithe.

(3) Déanfaidh an tAire Airgeadais, le toiliú an Aire, an t-airgead a bheidh chun creidmheasa Chiste Oideachasúil na hÉireann-na Stát Aontaithe a infheistiú i cibé urrúis a cheadóidh an tAire Airgeadais.

(4) Cuirfear ioncam Chiste Oideachasúil na hÉireann-na Stát Aontaithe ar fáil don Choimisiún chun críocha a fheidhmeanna.

(5) Féadfaidh an Coimisiún glacadh le cibé airgead a sholáthróidh Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá dó chun críocha a fheidhmeanna.

(6) Féadfaidh an Rialtas, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, ranníocaí a dhéanamh leis an gCoimisiún chun críocha a fheidhmeanna.

(7) Cuirfidh an tAire Airgeadais faoi deara go gcoinneofar na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an Ciste nó ar an gcaiteachas go léir a thabhóidh sé.

(8) Déanfaidh an tAire Airgeadais na cuntais a choinneofar de bhun an ailt seo a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste gach bliain lena n-iniúchadh.

(9) Cuirfidh an tAire faoi deara, thar ceann an Aire Airgeadais, go ndéanfar cóipeanna de na cuntais, maille le cóipeanna de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste orthu, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(10) Tar éis iad a bheith leagtha faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, déanfaidh an tAire, thar ceann an Aire Airgeadais, cóip de na cuntais, maille le tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste orthu, a thíolacadh don Choimisiún.

6.—(1) Foirceannfar an Ciste Scoláireachtaí Cómhalairte faoi alt 18 d'Acht 1957 cibé lá ar a gcomhaontóidh an tAire agus ionadaí na Stát Aontaithe, d'ainneoin dliteanais an Chiste sin a bheith gan urscaoileadh fós, agus beidh an t-alt sin arna mhodhnú dá réir sin.

Foirceannadh an
Chiste Scoláireachtaí
Cómhalairte agus
díscáoileadh an
Bhoird.

(2) Maidir leis na dliteanais go léir, cibé acu a d'éirigh siad roimh fhoirceannadh an Chiste Scoláireachtaí Cómhalairte agus dhíscáoileadh an Bhoird Scoláireachtaí Cómhalairte nó a éireoidh siad dá éis sin, ar dliteanais iad a mbeadh an comhlacht sin faoi cheangal dlí iad a

urscaoileadh dá mbeadh sé ar marthain urscaoilfidh an Coimisiún iad agus, le cead an Aire Airgeadais, íocfar iad as cistí Chiste Oideachasúil na hÉireann-na Stát Aontaithe.

Cumhachtaí an Choimisiúin.

7.—(1) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, féadfaidh an Coimisiún na cumhachtaí go léir a fheidhmiú is gá chun críocha an Achta seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na cumhachtaí seo a leanas:

- (a) cláir a phleanáil, a ghlacadh agus a chur i ngníomh de réir chríocha an Achta seo;
- (b) iarrthóireacht mac léinn, scoláirí taighde agus múinteoirí le bheith páirteach sna cláir atá i gceist leis an Acht seo a mholadh do Bhord Scoláireachtaí Coigríche Stáit Aontaithe Mheiriceá (“an Bord Scoláireachtaí Coigríche”), á chur san áireamh go sonróidh an Bord gníomhaireachtaí iomchuí chun suíomh a shocrú;
- (c) iarrthóireacht mac léinn, scoláirí taighde agus múinteoirí, is saoránaigh agus náisiúnaigh Stáit Aontaithe Mheiriceá, mar a bheidh tíolactha ag an mBord sin chun bheith páirteach sna cláir atá i gceist leis an Acht seo, a cheadú, i gcomhar leis an mBord Scoláireachtaí Coigríche, agus, mar is cuí, socrú a dhéanamh maidir leis na daoine sin a shuíomh i bhforais léinn in Éirinn;
- (d) moladh a dhéanamh don Bhord Scoláireachtaí Coigríche maidir le cibé cáilíochtaí le haghaidh roghnú rannpháirtithe ionchasacha sna cláir is dóigh leis an gCoimisiún is gá chun críocha agus cuspóirí an Choimisiúin a bhaint amach;
- (e) údarás a thabhairt do Chisteoir an Choimisiúin, nó do cibé duine eile a ainmneoidh an Coimisiún chuige sin, cistí an Choimisiúin a choimeád in airgead tirim nó i gcuntas reatha nó ar taisce le Banc Ceannais na hÉireann nó le banc lena mbaineann alt 1(j) den *Trustee Act*, 1893 (a cuireadh isteach le halt 1 den Acht Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 1958) de réir mar a chinnfidh an Coimisiún ó am go ham, agus cibé cistí nach mbeidh ag teastáil láithreach chun críocha an Achta seo a infheistiú in aon urrúis a mbeidh iontaobhaithe cumhachtaithe le dlí de thuras na huairé cistí

iontaobhais a infheistiú iontu; faoi réir an choinníll gur in ainm an Choimisiúin a bheidh aon chuntas bainc in Éirinn agus go mbeidh ceapachán an duine eile sin ceadaithe ag an Aire agus ag ionadaí na Stát Aontaithe;

(f) údarás a thabhairt don Chisteoir, nó do dhuine eile a ainmneoidh an Coimisiún chuige sin, cuntas bainc nó cuntais bhainc a fheidhmiú i Stáit Aontaithe Mheiriceá, in ainm an Choimisiúin agus de réir mar a bheidh ag teastáil chun críocha an Choimisiúin, faoi réir thoiliú an Aire Airgeadais agus cheanglais Rialaithe Malairte na hÉireann;

(g) údarás a thabhairt don Chisteoir, nó do dhuine eile a ainmneoidh an Coimisiún chuige sin, cistí a eisíoc agus cistí a dheonú agus a airleacan chun críocha údaraithe an Choimisiúin, lena n-áirítear caiteachais iompair, teagaisc agus cothabhála, agus caiteachais ghaolmhara, a íoc;

(h) maoin a fháil agus a dhiúscairt in ainm an Choimisiúin, faoi réir an choinníll, áfach, go mbeidh fáil nó diúscairt aon mhaoine réadaí nó maoine léasaí ag an gCoimisiún faoi réir cheadú a fháil roimh ré ón Aire agus ó ionadaí na Stát Aontaithe;

(i) gníomhaíochtaí oideachasúla agus cultúrtha a chuireann críocha an Achta seo chun cinn, ach nach bhfuil á maoiniú ag an gCoimisiún as cistí a chuireann an dá Rialtas ar fáil faoin gComhaontú, a riar nó cabhrú lena riar nó iad a éascú ar shlí eile, ar choinníoll, áfach, go ndéanfar cur síos iomlán, i dtuarascálacha a chuirfear faoi bhráid an Rialtais agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá, ar aon chlár agus gníomhaíochtaí a bheartaítear amhlaidh agus ar an ról a bheartaítear a bheith ag an gCoimisiún iontu, agus ar choinníoll nach gcuirfidh ceachtar Rialtas i gcoinne an róil a bheidh iarbhir nó a bheartaítear a bheith ag an gCoimisiún iontu.

(2) Ní cead do chomhaltaí an Choimisiúin tairbhe a fháil iad féin de thoradh scoláireachtaí nó sparánachtaí taistil a sholáthraíonn Ciste Oideachasúil na hÉireann-na Stát Aontaithe.

[Uimh. 12.] *An tAcht um Malartú Oideachasúil (Éire agus Stáit Aontaithe Mheiriceá), 1991.*

Oibleagáidí, geallúintí agus caiteachas.

8.—Déanfar na hoibleagáidí, na geallúintí agus an caiteachas go léir a údaráítear leis an Acht seo, a urscaoileadh de réir buiséad arna gceadú ag an Aire, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, agus ag Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Séala an Choimisiúin.

9.—(1) Soláthróidh an Coimisiún séala dó féin.

(2) Fíordheimhneofar séala an Choimisiúin le síniú beirt chomhalta den Choimisiún.

(3) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an Choimisiúin, agus gach doiciméad a airbheartóidh gur ionstraim é a rinne an Coimisiún agus a bheith séalaithe le séala (a airbheartóidh a bheith fíordheimhnithe de réir na míre seo) an Choimisiúin, glacfar i bhfianaise é agus measfar gurb é an ionstraim sin é gan a thuilleadh cruthúnais mura suítear a mhalairt.

Cruinnithe agus nós imeachta an Choimisiúin.

10.—(1) Beidh an ceart ag gach comhalta den Choimisiún vótáil ag cruinniú den Choimisiún.

(2) Déanfar cinntí an Choimisiúin le vóta tromlaigh agus i gcás comhionannas vótaí is é an Cathaoirleach a chaithfidh an vóta réitigh.

(3) Le linn don Chathaoirleach a bheith as láthair ó aon chruinniú den Choimisiún nó más rud é, an tráth a dtionólfar aon chruinniú den Choimisiún, nach mbeidh an Cathaoirleach ann, feidhmeoidh an Leaschathaoirleach feidhmeanna uile an Chathaoirligh dá bhforáiltear san Acht seo.

(4) Le linn don Chathaoirleach agus don Leaschathaoirleach araon a bheith as láthair ó aon chruinniú den Choimisiún nó más rud é, an tráth a dtionólfar aon chruinniú den Choimisiún, nach mbeidh an Cathaoirleach ná an Leaschathaoirleach ann, toghfaidh na comhaltaí den Choimisiún a bheidh i láthair duine dá líon le bheith ina chathaoirleach ar an gcrúinniú de thuras na huairé agus más rud é, ag an toghchán sin, gurb ionann an líon vótaí a chaithfear do bheirt nó níos mó, cinnfear trí chrannchur cé acu díobh a bheidh ina chathaoirleach ar an gcrúinniú.

(5) Feidhmeoidh cathaoirleach an chruinnithe feidhmeanna uile an Chathaoirligh dá bhforáiltear san Acht seo.

(6) (a) Tarraingeoidh an Coimisiún suas rialacha nós imeachta a bheidh ar comhréir leis an Acht seo agus féadfaidh sé iad a leasú, agus féadfaidh sé cibé coistí a cheapadh is dóigh leis is gá chun na freagrachtaí a chuirtear faoina chúram leis an Acht seo a chur i gcrích.

(b) Ní foláir ceadú an Aire agus ionadaí Stáit Aontaithe Mheiriceá a fháil le haon rialacha den sórt sin agus le leasuithe orthu.

(7) Féadfaidh an Coimisiún gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas ina chomhaltas.

11.—(1) Is i mBaile Átha Cliath a bheidh príomhoifig an Choimisiúin Oifigí an Choimisiúin.
ach féadfar cruinnithe den Choimisiún agus d'aon choiste dá chuid a thionól i cibé áiteanna a chinnfidh an Coimisiún ó am go ham.

(2) Féadfar gníomhaíochtaí aon duine d'Oifigigh nó d'fhoireann an Choimisiúin a sheoladh cibé áiteanna a cheadóidh an Coimisiún.

12.—Féadfaidh an Coimisiún glacadh le cibé cistí, earraí nó seirbhísí Bronntaí ar an
eile a chuirfear ar fáil don Choimisiún trí bhronnadh ó aon fhoinse phoiblí gCoimisiún.
nó phríobháideach, agus féadfaidh sé iad a úsáid, de réir fhorálacha an Achta seo.

13.—Féadfaidh an Coimisiún—

Foireann agus
caiteachais an
Choimisiúin.

(a) Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus foireann eile riaracháin agus cléireachais a fhostú, le ceadú an Aire agus ionadaí na Stát Aontaithe;

(b) téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, agus luach saothair, an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus na foirne eile a chinneadh;

(c) socrú a dhéanamh le haghaidh íoc thuarastail na ndaoine réamhluaite sin (ar thuarastail iad a bheidh faoi réir a n-athbhreithnithe go tréimhsiúil);

(d) aon chaiteachais riaracháin eile is gá a urscaoileadh.

[Uimh. 12.] *An tAcht um Malartú Oideachasúil (Éire agus Stáit Aontaithe Mheiriceá), 1991.*

Caiteachais
chomhaltaí an
Choimisiúin.

14.—Fónfaidh comhaltaí an Choimisiúin gan aon luach saothair a fháil ach aisíocfaidh an Coimisiún leo aon chaiteachais réasúnacha a thabhoídh siad de riachtanas le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh.

Tuarascáil bhliantúil
agus cuntais iniúchta
an Choimisiúin.

15.—(1) Déanfaidh an Coimisiún, gach bliain, tuarascáil i dtaobh a ghníomhaíochtaí i rith na bliana roimhe sin a chur chuig an Aire agus chuig ionadaí na Stát Aontaithe, agus cuirfidh sé chuig gach duine acu cibé tuarascálacha breise a iarrfaidh siad nó a iarrfaidh ceachtar acu.

(2) Féadfaidh an Coimisiún, dá rogha féin, tuarascálacha eile a chur ó am go ham chuig an Aire agus chuig ionadaí na Stát Aontaithe.

(3) Coinneoidh an Coimisiún, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, agus ionadaí na Stát Aontaithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé.

(4) Déanfaidh an Coimisiún na cuntais a choinneofar de bhun an ailt seo a chur gach bliain faoi bhráid iniúcháir a bheidh ceaptha aige le toiliú an Aire, an Aire Airgeadais agus ionadaí na Stát Aontaithe.

(5) Cuirfidh an Coimisiún faoi deara, díreach tar éis an iniúchta, go ndéanfar cóipeanna de na cuntais, maille le tuarascáil an iniúcháir orthu, a thíolacadh don Aire agus d'ionadaí na Stát Aontaithe.

(6) Tar éis a dtíolactha don Aire, cuirfidh seisean faoi deara go ndéanfar cóipeanna de na cuntais, maille le tuarascáil an iniúcháir orthu, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Díolúine ó mhuirir ar
allmhairí.

16.—Féadfaidh an Coimisiún trealamh atá riachtanach le haghaidh úsáide oifigiúla a allmhairiú saor ó mhuirir ar allmhairí.

Foirceannadh an
Chomhaontaithe.

17.—(1) I gcás go bhfoirceannfar an Comhaontú, tiocfaidh cistí agus maoin uile an Choimisiúin chun bheith ina maoin de chuid an Rialtais agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá, faoi réir cibé coinníollacha, teorainneacha agus dliteanas a bheidh forchurtha orthu roimh an bhfoirceannadh, agus roinnfear idir an dá Rialtas iad i gcomhréir

lena gcuid ranníocaí faoi seach leis an gCoimisiún le linn thréimhse bhailíochta an Chomhaontaithe agus, maidir le maoin a fhabhróidh chuig an Rialtas, bronnfar í ar fhoras nó ar fhorais éigin eile ag a bhfuil cuspóirí den chineál céanna nó aistreofar chuige nó chucu í.

(2) Le linn na ranníocaí faoi seach a bheith á gcinneadh, aon airgead a thiocfaidh chuig an gCoimisiún de bhun alt 5(4) den Acht seo measfar é a bheith ranníoctha ag Rialtas na hÉireann agus aon airgead a bheidh chun creidmheasa Chiste Oideachasúil na hÉireann-na Stát Aontaithe agus a bheidh infheistithe ag an Aire Airgeadais de bhun fhorálacha alt 5 (3) den Acht seo tiocfaidh sé chun bheith ina mhaoín de chuid Rialtas na hÉireann.

(3) Beidh an Coimisiún arna dhíscaoileadh agus scoirfidh sé de bheith ann cibé lá, tar éis an Comhaontú a fhoirceannadh, ar a gcomhaontóidh an tAire agus ionadaí na Stát Aontaithe.

18.—Déanfar aon chaiteachais a thabhoídh an tAire ag riar an Caiteachais. Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadas, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

19.—Féadfar an tAcht um Malartú Oideachasúil (Éire agus Stáit Gearrtheideal. Aontaithe Mheiriceá), 1991, a ghairm den Acht seo.